C/2024/7550

27.12.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/7550)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

’ Aguacate de Canarias ’

Uimh. AE: PGI-ES-02936 – 8.5.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

’ Aguacate de Canarias ’

2. **An Ballstát**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cumhdaítear leis an Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC) ‘Aguacate de Canarias’ abhacáid (*Persea americana* Mill) a fhástar in oileánra na nOileán Canárach lena n-ithe úr tar éis iad a ullmhú agus a phacáistiú.

Is iad seo a leanas na cineálacha abhacád a chumhdaítear leis an tásc geografach seo: Hass, Fuerte, Orotava, Pinkerton, Reed agus Carmen.

a) Tréithe fisiceacha

Tá cruth ubhchruthach ag an gcineál Hass. Tá dath glas dorcha, garbh, ar a chraiceann agus is féidir leis toin chorcra a ghlacadh nuair a bhíonn sé aibí. Scarann an craiceann go héasca ón mbia, a bhfuil dath buí air agus uigeacht uachtarúil aige. Is é 123 ghram an meáchan íosta agus 400 gram an meáchan uasta.

Tá cruth piorra ar an gcineál Fuerte agus tá craiceann mín fíneálta air ar dath neamhlonrach glas éadrom é, agus éiríonn an dath níos dorcha agus é ag aibiú. Tugann an craiceann uaidh faoi bhrú éadrom nuair a bhíonn an t-abhacád réidh le hithe. Tá dath scothghlas buí ar an mbia ag a bhfuil uigeacht mhín agus uachtarúil. Is é 170 gram an meáchan íosta agus 500 gram an meáchan uasta.

Tá an cineál Orotava sféarúil, agus tá craiceann corcra crua an-gharbh air agus tagann dath dubh air agus é ag aibiú. Tá dath scothghlas buí ar an mbia ag a bhfuil uigeacht mhín. Is é 123 ghram an meáchan íosta agus 350 gram an meáchan uasta.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401143).

Tá cruth piorra fadaithe ag an gcineál Pinkerton, tá craiceann beagán garbh air a bhfuil dath glas air fiú nuair atá sé aibí. Scarann an craiceann go héasca ón mbia glas éadrom, a bhfuil uigeacht uachtarúil aige. Is é 170 gram an meáchan íosta agus 500 gram an meáchan uasta.

Tá an cineál Reed sféarúil, agus tá craiceann beagán garbh, tiubh air a bhfuil dath glas air agus a chailleann a dhéine agus é ag aibiú. Scarann a chraiceann go héasca ón mbia, a bhfuil dath glas éadrom air agus a bhfuil uigeacht uachtarúil aige. Is é 170 gram an meáchan íosta agus 600 gram an meáchan uasta.

Tá an cineál Carmen ubhchruthach agus tá craiceann garbh air a scarann go héasca ón mbia. Tá dath glas dorcha air a d'fhéadfadh athrú go corcra agus é ag aibiú. Breathnaíonn sé an-chosúil leis an gcineál Hass. Tá dath buí ar a bhia agus tá uigeacht uachtarúil aige. Is é 123 ghram an meáchan íosta agus 400 gram an meáchan uasta.

b) Tréithe ceimiceacha

Cinntear iad de réir chion ábhair thirim an bhia agus a chion saille tráth na buainte.

b.1) Ní mór céatadáin íosta agus uasta an ábhair thirim seo a leanas a bheith ag bia an abhacáid:

— 23 % ar a laghad agus 35 % ar a mhéad i gcás chineál Hass;

— 22 % ar a laghad agus 35 % ar a mhéad i gcás na gcineálacha eile.

b.2) Ní mór céatadáin íosta agus uasta an chion saille seo a leanas a bheith ag bia an abhacáid:

— 11 % ar a laghad agus 24 % ar a mhéad i gcás chineál Hass;

— 10 % ar a laghad agus 24 % ar a mhéad i gcás na gcineálacha eile.

c) Tréithe orgánaileipteacha

Bia atá saibhir, mín agus uachtarúil faoi do lámh agus sa bhéal, dath idir buí agus glas go buí scothghlas, ag brath ar an gcineál atá i gceist. Bíonn blas beagán féarúil air le blasanna suntasacha cnónna.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór 'Aguacate de Canarias' a fhás, a bhuain agus a aicmiú laistigh den limistéar geografach a shainítear leis an Tásc Geografach faoi Chosaint.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar abhacáid a chumhdaítear le TGFC 'Aguacate de Canarias' a aibiú agus a phacáistiú lasmuigh den limistéar geografach sainithe.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór ainm agus lógó sonrach an Táisc Gheografaigh faoi Chosaint 'Aguacate de Canarias' a bheith le feiceáil go soiléir ar an lipéadú le haghaidh abhacáid phacáistithe, chomh maith leis an bhfaisnéis a éilítear go ginearálta faoin reachtaíocht is infheidhme. Ní mór an lipéad sin a ghreamú sula gcuirtear an táirge i gcúrsaíocht ar bhealach a fhágann nach féidir é a athúsáid.

Tá an lógó mar a dtugtar tuairisc air thíos, agus tá na dathanna Pantone comhfhreagracha leis:

Dathanna:

glas (Pantone 349)

oráiste (Pantone 2012)

scothghlas buí (Pantone 396)



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é oileánra na nOileán Canárach limistéar geografach táirgeachta abhacád a chumhdaítear leis an TGFC 'Aguacate de Canarias', atá suite ag domhanleithead idir 27° 37 ′ agus 29° 25 ′ T agus ag domhanfhad idir 13° 20 ′ agus 18° 10 ′ I.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an Tásc Geografach faoi Chosaint 'Aguacate de Canarias' bunaithe ar cháil an ainm, mar gheall ar na saintréithe a thugtar dó le haeráid oileánra na nOileán Canárach agus a shaothrú ar ithreacha de thionscnamh bolcánach.

Is saintréithe d'aeráid na n-oileán iad cineál fothrópaiceach agus tionchar na dtrádghaoth, teochtaí measartha agus beagnach seasmhach, gan aon luascadh mór teochta. Tá aibiú mall mar thoradh air sin, mar gheall ar an bhfad a fhanann na torthaí ar na crainn. Fágann sé sin gur féidir cion ard saille agus ábhair thirim a bhaint amach, rud a thugann a dtréithe orgánaileipteacha agus fisiciceimiceacha sainiúla do na habhacáid. Tá dlúthnasc idir an cion ábhair thirim agus an cion saille.

Thairis sin, soláthraíonn ithreacha bolcánacha na nOileán Canárach, atá an-tréscaoilteach, draenáil den scoth agus dá bhrí sin na dálaí is fearr chun abhacáid a fhás. Mar thoradh ar na tréithe sonracha ar a dtugtar tuairisc, forbraíodh cineálacha sonracha atá tipiciúil do na hOileáin Chanáracha freisin, amhail an cineál 'Orotava' a fhaightear sa ghairdín lusanna 'Jardín de Aclimatación de La Orotava' i mbardas Puerto de La Cruz ar oileán Tenerife.

Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara freisin go saothraítear roinnt mhaith abhacád (cé nach saothraítear iad uile) sna hOileáin Chanáracha trí úsáid a bhaint as an gcleachtas traidisiúnta maidir le stuáil orgánach a úsáid (atá comhdhéanta d'iarmhair barr, aoileach, múirín, snáthaidí péine nó 'pinocha' ó na hOileáin Chanáracha) a chuireann feirmeoirí san ithir agus timpeall ar an gcrann abhacáid. Feidhmíonn an stuáil mar linn charbóin. Leis an gcleachtas saothraithe sin, neartaítear beatha mhiocróbach agus méadaítear bithéagsúlacht ithreach. An tráth céanna cuireann sé freagracht chomhshaoil agus bainistíocht acmhainní áitiúla chun cinn.

Ó dheireadh na 1960idí, cuireadh tús le habhacáid a fhás i limistéar níos mó de na hOileáin Chanáracha, abhacáid a onnmhairíodh chun leas a bhaint as an borradh turasóireachta in Tenerife agus iad á n-iompar i mboilg an aerárthaigh ina dtaistealaíonn na turasóirí ar ais abhaile. Tá tábhacht agus cáil 'Aguacate de Canarias' chomh mór sin gur thagair na bileoga faisnéise maidir leis an abhacád a d'fhoilsigh Aireacht Talmhaíochta na Spáinne in 1969 d'abhacáid ó na hOileáin Chanáracha amháin, ina dtugtar tuairisc ar chineálacha agus ar thábhacht an bhairr sin a bhí, an tráth sin, beagnach eisiach do na hOileáin Chanáracha.

Maidir leis an gcáil atá ar an táirge sin faoi láthair ar an leibhéal áitiúil ar oileánra na nOileán Canárach agus níos faide i gcéin, tabhair faoi deara go bhfuil féile mangó agus abhacád á reáchtáil ag bardas Mogán ar Gran Canaria le blianta fada ina ndéantar ceiliúradh ar thábhacht na mbarr sin sna hOileáin Chanáracha. Reáchtálann Tenerife aonach 'Aguacate de Canarias' freisin chun tábhacht an táirge seo a cheiliúradh. Taispeánann na haontaí sin a bhfuil tóir orthu na cineálacha éagsúla trí thaispeántais chócaireachta agus cócaireacht taispeántais a chur ar fáil, ós rud é go bhfuil an t-abhacád mar chuid d'fhéiniúlacht na nOileán Canárach. Chomh maith leis na haontaí áitiúla atá tiomnaithe go sonrach don abhacád, cuirtear 'Aguacate de Canarias' ar taispeáint freisin ag aontaí náisiúnta amhail Fruit Attraction agus ag aontaí idirnáisiúnta amhail Fruit Logistica i mBeirlín. Is imeacht gastranómach eile é aonach Madrid Fusión a bhfuil 'Aguacate de Canarias' mar chuid de. Ag eagrán Eanáir 2020 den aonach sin, thug comhairle oileáin Tenerife (*Cabildo de Tenerife*) ómós do na príomhchócairí Tenerife uile a raibh réalta Michelin acu. Ba é abhacád le mil abhacáid ceann de na miasa a chuir ceann de na príomhchócairí sin i láthair mar eiseamláir den chócaireacht Chanárach.

Tá eolas maith ar thábhacht agus ar cháil 'Aguacate de Canarias' sa chultúr gastranómach. Tá 'Aguacate de Canarias' le fáil in oidis a fhoilsítear in irisí agus fiú i miasa ar bhiachlár na mbialann is mó le rá. Thagair an cócaire cáiliúil Albert Adriá (trí réalta Michelin) do 'Aguacate de Canarias' mar abhacád iontach ar a thuras ar na hoileáin don chlár cócaire taistil 'El chef viajero', mar a tugadh tuairisc air sa nuachtán *La Vanguardia* an 31 Deireadh Fómhair 2018. Ar an gcuma chéanna, i dtreoir turasóireachta *Guía Repsol* na Spáinne i mí an Mhárta 2020, soláthraíonn an cócaire Canárach Isidro Alvarez oidis le haghaidh mias ina bhfuil abhacád, lena n-áirítear milseoga, a forbraíodh trí úsáid a bhaint as 'Aguacate de Canarias' ina bhialann sna hOileáin Chanáracha. Is fiú a thabhairt faoi deara na tagairtí a rinne an cócaire mór le rá Dabiz Muñoz (trí réalta Michelin) do 'shárbhlas' 'Aguacate de Canarias', a uachtarúlacht agus a bhlas cnónna, i ráitis a rinneadh agus a foilsíodh sa nuachtán *Canarias Ahora* an 2 Bealtaine 2022. Mínítear in alt a foilsíodh san iris *España Fascinante* an 3 Meán Fómhair 2023 an fáth a bhfuil 'Aguacate de Canarias' foirfe le haghaidh oideas agus moltar miasa arb é an t-abhacád a bpríomh-chomhábhar. Is minic a bhíonn miasa agus abhacáid á dtaispeáint acu i leabhair oideas Chanáracha, toisc mar a luadh níos luaithe, go bhfuil an t-abhacád mar chuid d'fhéiniúlacht Chanárach. Seo thíos tagairtí do chuid de na leabhair oideas sin ina n-áirítear miasa le 'Aguacate de Canarias', leis an údar, teideal, foilsitheoir, bliain an fhoilsithe agus an ISBN comhfhreagrach:

— TORRES, Manuel. Teideal: *El aguacate: 33 recetas de cocina* ('Abhacád: 33 oideas'). Foilsitheoir: *Caja Insular de Ahorros de Canarias* (Banc Taisce na nOileán Canárach). Bliain an fhoilsithe: 1986. ISBN 84- 505-4344-4.

— QUINTERO Montesdeoca, Rogelio/Rodríguez Dios Pedro: Teideal: *La cocina de Canarias, la evolución* ('Teacht chun cinn na cócaireachta Canáraí'). Foilsitheoir: Roger Méndez Fotógrafo. Foilsíodh an chéad eagrán sa bhliain 2004, ISBN 978-84-609-2227-8. Bronnadh gradam Leabhar Cócaireachta Gourmand don 'Leabhar cócaireachta réigiúnach is fearr in 2004' ar an leabhar sin.

— DE ARMAS, Roberto/Quintero Rogelio/Almeida Francisco. Teideal: *Canaritapas* ('Tapas Canárach'). Foilsitheoir: *Maillard innovación y comercialización* ('Nuálaíocht agus margaíocht Maillard'). ISBN 9788461409358. Bliain an fhoilsithe: 2011. I Leabhar Cócaireachta Gourmand, moladh go bhfuil an leabhar sin ar an leabhar cócaireachta is fearr sa Spáinn agus an dara leabhar cócaireachta is fearr ar domhan.

— VENTURA Caceres, Rosa María. Teideal: *Receteando la cocina canaria,100 recetas con sabor isleño*. ('Cócaireacht Chanárach. 100 oideas ar a bhfuil blas na n-oileán.') Foilsitheoir: Círculo Rojo SL. An chéad eagrán a foilsíodh in 2021, ISBN 978-84-1115-593-9.

— GAMONAL Carlos/Verdés Padrón Jordi. *Sabores Canarios* ('Blasanna Canáracha'). Foilsitheoir: *Publicaciones Turquesa, S.L.* Bliain an chéad eagráin: 2021. ISBN: 978-84- 16785-83-4.

— MORENO Méndez, Blanca. *El libro de los Mojos de Canarias* ('Leabhar na n-anlann *mójó* Canárach'). Bliain an fhoilsithe: 2023. ISBN: 978-84-92648-97-9. Tá athraitheach le 'Aguacate de Canarias' ag ceann de na hanlainn is cáiliúla sna hOileáin Chanáracha – 'el mojo'.

Ag ‘Aguacate de Canarias’ i mí na Bealtaine 2022, i gcomhar le Rialtas na nOileán Canárach, sheol comhairle Tenerife ríomhleabhar dar teideal *Recetas con aguacate de Canarias* (‘Oidis le habhacád Canárach’) le haghaidh miasa gourmet a d’fhorbair cócairí mór le rá ó na hOileáin Chanáracha. Is é ‘Aguacate de Canarias’ an príomh-chomhábhar i ngach ceann de na miasa atá le feiceáil san fhoilseachán sin. I bhfianaise an mhéid thuas, is féidir linn teacht ar an gconclúid go bhfuil cáil gan amhras ar ‘Aguacate de Canarias’ mar gheall ar na saintréithe a thugann an timpeallacht nádúrtha dó agus mar gheall ar an taithí chruthaithe ar é a fhás. Dá bhrí sin ní hamháin gur cuid de chócaireacht thipiciúil na nOileán Canárach é ach is táirge aitheanta é freisin agus tá meas ag príomhchócairí mór le rá agus speisialtóirí gastranómacha air laistigh agus lasmuigh de na hOileáin Chanáracha.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

https://www.gobiernodecanarias.org/cmsgob2/export/sites/agpsa/icca/galerias/doc/calidad/aguacate/comision/PLIEGO-CONDICIONES-2M.pdf